

Eleathanach243

Dé Luain 17 Deireadh Fómhair 2016

Ruby Walsh: marcach capall

I Meiriceá ag an deireadh seachtaine, bhuaigh Ruby Walsh, an marcach capall, rás darbh ainm an *Grand National*. Bhí an rás ar siúl i New Jersey.

Is rás dhá mhíle go leith é agus bhuaigh Ruby \$350,000. Rawnaq is ainm don chapall agus is é Cyril Murphy traenálaí an chapail.

Ciallaíonn seo gur bhuaigh Ruby an *Grand National* i seacht dtír éagsúla. Bhuaigh sé é anseo in Éirinn, in Albain, sa Bhreatain Bheag, san Astráil agus sa tSeapáin.

Beidh sé ag rásaíocht anseo in Éirinn arís i rith na seachtaine.




Turas go Mars

Tá iarracht á dhéanamh ag eolaithe san Eoraip agus sa Rúis spáslong a sheoladh go Mars. Níl aon duine ar bord ach tá súil acu go mbeidh an spáslong **Schiaparelli** ar dhromchlá Mars Dé Céadaoin. Ansin glacfaidh an spáslong grianghraif chun eolas a sheoladh chugainn anseo ar domhan.

Bhí ar an spáslong taisteal níos mó ná billiún ciliméadar chun Mars a bhaint amach. Tá súil ag na heolaithe go mbeidh a fhios acu ón turas seo an bhfuil aon rud beo ar Mars.

Is turas dúshlánach é agus seans nach n-oibreoidh sé. Beidh an teocht chomh hard le 1500 céim Celsius ar Mhars. Má éiríonn leis an turas seo ón Eoraip, seans go mbeidh níos mó iarrachtaí ann chun eolas a bhailiú ó Mhars amach anseo.



Haiti: Spéirling láidir coicís ó shin

Coicís ó shin bhuaill an spéirling "Matthew" Haiti. Fuair níos mó ná 1000 duine bás. Thit a lán tithe sa ghaoth láidir agus anois tá an-chuid daoine gan dídeán. Bhí Haiti sa nuacht i 2010 freisin nuair a bhí crith talún an-láidir san áit.

Is é Ban Ki-moon an duine atá i gceannas ar na Náisiúin Aontaithe. Chuaigh sé ar cuairt go Haiti chun tacaíocht a thabhairt do na daoine ansin.

Tá carthanachtaí Éireannacha ag tabhairt tacaíochta chomh maith, chun cabhrú leis na daoine tar éis na tubaiste nádúrtha seo.



Bob Dylan: duais speisialta

Is amhránaí agus ceoltóir Meiriceánach é Bob Dylan. Bhuaigh sé Duais Nobel na Litríochta an tseachtain seo caite.

Níor bhuaigh aon scríbhneoir amhrán an duais seo roimhe seo. Tagann an duais ó ghrúpa Sualannach agus ní bhíonn a fhios ag aon duine cé eile a bhí ar an ngearrliosta.